



## ACMHAINN 9

### Athluanna ó ghníomhaithe ar son chearta an duine

#### William Wilberforce

‘Más ionann mo shaol a chaitheamh trí chomhbhá a léiriú don fhulaingt a dtéann daoine eile tríd agus a bheith i m’fhanaiceach, tá mé ar dhuine de na fanaigh chruthanta is mó a bhí riamh ann.’

#### Emmeline Pankhurst

‘Fir an a leagann síos an cód morálta agus bíonn siad ag súil leis go nglacfaidh mná leis. Chinn siad go bhfuil sé go hiomlán cóir agus ceart ag fir a bheith ag troid chun saoirsí agus cearta a bhaint amach dóibh féin, ach níl sé ceart ná cóir ag mná a bheith ag troid chun cearta a bhaint amach do mhná.’

#### Sylvia Pankhurst

‘Chuaigh mé chun cogaidh chomh maith... Tá mé chun caipitleachas a throid fiú má mharaíonn sé mé. Tá sé éagórach go bhfuil daoine cosúil leatsa sócúlach agus go bhfuil bia ar a bplátaí, cé go bhfuil daoine mórthimpeall ort ag fulaingt leis an ocras.’

#### Bileog a thugadh amach ó ghrúpa an Róis Bháin (White Rose), Samhain 1942

‘Saoirse cainte, saoirse creidimh agus saoránaigh aonair a chosaint ó thoil ansmachtúil na gcóras stáit atá foréigineach agus coiriúil, sin iad na bunchlocha don Eoraip Nua.’

#### Martin Luther King

‘Má chuirtear moill ar cheart, séantar é.’

#### Maya Angelou

‘Tá sé dodhéanta a bheith ag streachailt ar mhaith le cearta sibhialta agus cearta comhionanna do dhaoine gorma mura gcuirtear na daoine geala san áireamh freisin. Mar tá cearta comhionanna, cothrom na Féinne agus ceartas cosúil leis an aer: is linnse go léir é nó ní le héinne é. Sin é fírinne an scéil.’

#### Mahatma Gandhi

‘Is é príomhchuspóir na beatha ná maireachtáil go cuí, smaoineamh go cuí agus gníomhú go cuí. Is i léig a rachaidh an t-anam nuair a dhírimid ár smaointe go hiomlán ar an gcorp.’



# ÁRAS STAIR NA HEORPA

## **Malala Yousafzai**

‘Ní labhraím ar mo shon féin ach ar son daoine nach bhfuil guth dóibh féin acu... ar son daoine a throid chun cearta a bhaint amach dóibh féin... go mbeadh acu an ceart maireachtáil go síochánta, an ceart go gcaithfí leo le dínit, an ceart comhionannas deiseanna a bheith acu agus an ceart oideachas a bheith acu.’

## **Harvey Milk**

‘Ní comhghéilleadh atá i gceist le cearta a thabhairt do dhaoine ... ní thagann cúrsaí airgeadais i gceist chun urraim a thabhairt don duine aonair. Ní gá beartaíocht pholaitiúil a dhéanamh chun saoirse a thabhairt do dhaoine. Níl aon suirbhé ag teastáil chun deireadh a chur le cur faoi chois.’

## **Vaclav Havel**

‘Tá orainn go léir triail a bhaint as – agus maidir leo siúd a deir nach bhfuil daoine aonair in ann aon rud a athrú, níl ann ach gur ag déanamh leithscéalta atá siad.’

## **Máthair Teresa**

‘Agus seo mé anseo ag caint leat – teastaíonn uaim go n-aimsíonn tú na daoine bochta anseo, i do theach féin ar dtús. Agus tosú leis an ngrá a scaipeadh ansin. Seas mar shiombail don dea-scéala do do mhuintir féin. Cuir aithne ar do chomharsa bhéal dorais – an bhfuil a fhios agat cé iad féin?’